AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.7.2021
COM(2021) 420 final

ANNEXES 1 to 4

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta

{SEC(2021) 391 final} - {SWD(2021) 190 final} - {SWD(2021) 191 final}

IARSCRÍBHINN I

Liosta táscach d'athróga riosca

Is liosta neamh-uileghabhálach an méid thíos d'athróga riosca a chuirfidh eintitis faoi oibleagáid san áireamh agus iad ag tarraingt suas tuarascáil ar an measúnú riosca i gcomhréir le hAirteagal 8 chun cinneadh a dhéanamh faoin méid is ceart bearta díchill chuí custaiméara a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 16:

(a) Athróga riosca custaiméara:

(i) gníomhaíocht ghnó nó ghairmiúil an chustaiméara agus úinéir tairbhiúil an chustaiméara;

(ii) clú an chustaiméara agus úinéir tairbhiúil an chustaiméara;

(iii) nádúr agus iompar an chustaiméara agus úinéir tairbhiúil an chustaiméara;

(iv) na dlínsí ina bhfuil an custaiméir agus úinéir tairbhiúil an chustaiméara lonnaithe;

(v) na dlínsí ar príomhionaid ghnó an chustaiméara agus úinéir tairbhiúil an chustaiméara iad;

(vi) na dlínsí lena bhfuil naisc phearsanta ábhartha ag an gcustaiméir agus ag úinéir tairbhiúil an chustaiméara;

(b) Athróga riosca i dtaca le táirge, seirbhís nó idirbheart:

(i) críoch cuntais nó caidrimh;

(ii) rialtacht nó ré an chaidrimh gnó;

(iii) leibhéal na sócmhainní atá le taisceadh ag custaiméir nó méid na n-idirbheart arna ndéanamh;

(iv) an leibhéal trédhearcachta, nó doiléireachta, a thugann an táirge, an tseirbhís nó an t-idirbheart;

(v) castacht an táirge, na seirbhíse nó an idirbhirt;

(vi) luach nó méid an táirge, na seirbhíse nó an idirbhirt.

(c) Athróga riosca i dtaca le bealach seachadta:

(i) an méid nach ndéantar an caidreamh gnó ar bhonn duine le duine;

(ii) aon lucht cur in aithne nó idirmheánaithe a bheith ann a d'fhéadfadh an custaiméir a úsáid agus nádúr a gcaidrimh leis an gcustaiméir;

(d) Athróg riosca i dtaca le hárachas saoil agus le hárachas eile a bhaineann le hinfheistíocht:

(i) an leibhéal riosca atá i gceist le tairbhí an pholasaí árachais.

IARSCRÍBHINN II

Tosca lena mbaineann riosca níos ísle

Is liosta neamh-uileghabhálach de thosca agus de chineálacha fianaise de riosca níos ísle dá dtagraítear in Airteagal 16 an méid seo a leanas:

(1) Tosca riosca custaiméara:

(a) cuideachtaí poiblí arna liostú ar stocmhalartán agus atá faoi réir na gceanglas nochta (trí rialacha an stocmhalartáin nó tríd an dlí nó trí mhodhanna in-fhorfheidhmithe), a fhorchuireann ceanglais chun trédhearcacht leordhóthanach ar úinéireacht thairbheach a áirithiú;

(b) údaráis nó fiontair phoiblí;

(c) custaiméirí atá ina gcónaí i limistéir gheografacha le riosca níos ísle mar a leagtar amach i bpointe (3);

(2) Tosca riosca i dtaca le táirge, seirbhís, idirbheart nó bealach seachadta:

(a) polasaithe árachais saoil a bhfuil préimh íseal acu;

(b) polasaithe árachais le haghaidh scéimeanna pinsin mura bhfuil aon rogha chun géilleadh go luath agus nach féidir an polasaí a úsáid mar chomhthaobhacht;

(c) pinsean, scéim aoisliúntais nó scéim dá samhail a thugann socair scoir d'fhostaithe, ina ndéantar ranníocaíochtaí trí asbhaint ó phá, agus nach gceadaíonn rialacha na scéime go ndéanfaí ús baill a shannadh faoin scéim;

(d) táirgí nó seirbhísí airgeadais a chuireann seirbhísí sainmhínithe agus teorannaithe go hiomchuí ar fáil do chineálacha áirithe custaiméirí chun rochtain a mhéadú chun críocha cuimsithe airgeadais;

(e) táirgí ina mbainistíonn tosca eile na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta amhail teorainneacha sparáin nó trédhearcacht úinéireachta (e.g. cineálacha áirithe airgid leictreonaigh);

(3) Tosca riosca geografacha — clárúchán, bunú, cónaí sna:

(a) Ballstáit;

(b) tríú tíortha ag a bhfuil córais éifeachtacha AML/CFT;

(c) tríú tíortha arna sainaithint ag foinsí inchreidte mar thíortha ina bhfuil leibhéil ísle éillithe nó gníomhaíochta coiriúla eile;

(d) tríú tíortha a bhfuil ceanglais acu, bunaithe ar fhoinsí inchreidte amhail meastóireachtaí frithpháirteacha, tuarascálacha measúnaithe mionsonraithe nó tuarascálacha leantacha foilsithe, ceanglais chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac atá ag teacht le Moltaí athbhreithnithe FATF agus a chuireann na ceanglais sin chun feidhme go héifeachtach.

IARSCRÍBHINN III

Tosca lena mbaineann riosca níos airde

Is liosta neamh-uileghabhálach de thosca agus de chineálacha fianaise a bhféadfadh riosca níos airde a bheith ag gabháil leo dá dtagraítear in Airteagal 16 an méid seo a leanas:

(1) Tosca riosca custaiméara:

(a) déantar an caidreamh gnó in imthosca neamhghnácha;

(b) custaiméirí atá ina gcónaí i limistéir gheografacha lena mbaineann riosca níos airde mar a leagtar amach i bpointe (3);

(c) daoine dlítheanacha nó socruithe ar ionstraimí sealbhaithe sócmhainní pearsanta iad;

(d) cuideachtaí a bhfuil scairshealbhóirí ainmnitheacha nó scaireanna i bhfoirm iompróra acu;

(e) gnóthaí atá dian ar airgead tirim;

(f) tá cuma neamhghnách nó an-chasta ar struchtúr úinéireachta na cuideachta, i bhfianaise chineál ghnó na cuideachta;

(g) is náisiúnach ó thríú tír é an custaiméir a dhéanann iarratas le haghaidh cearta cónaithe i mBallstát mar mhalartú ar aon chineál infheistíochta, lena n-áirítear aistrithe caipitil, maoin a cheannach nó a ligean ar cíos, infheistíocht a dhéanamh i mbannaí rialtais, infheistíocht a dhéanamh in eintitis chorparáideacha, tabhartas nó maoiniú a thabhairt do ghníomhaíocht a théann chun leasa an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit;

(2) Tosca riosca i dtaca le táirge, seirbhís, idirbheart nó bealach seachadta:

(a) baincéireacht phríobháideach;

(b) táirgí nó idirbhearta a d'fhéadfadh a bheith i bhfabhar neamhainmníochta;

(c) íocaíocht a fhaightear ó thríú páirtithe neamhaithnid nó neamhchomhlachaithe;

(d) táirgí nua agus cleachtais ghnó nua, lena n-áirítear sásraí nua seachadta, agus teicneolaíochtaí nua nó atá á bhforbairt a úsáid le haghaidh táirgí nua agus táirgí atá ann cheana;

(e) idirbhearta a bhaineann le hola, le hairm, le miotail lómhara, le táirgí tobac, le déantáin chultúrtha agus nithe eile a bhfuil tábhacht seandálaíochta, stairiúil nó chultúrtha agus reiligiúnach, nó tearcluach eolaíoch ag baint leo, chomh maith le heabhar agus speicis faoi chosaint;

(3) Tosca riosca geografacha:

(a) tríú tíortha faoi réir faireachán méadaithe nó atá sainaitheanta ag FATF ar bhealach eile i ngeall ar na laigí comhlíontachta ina gcórais AML/CFT;

(b) tríú tíortha atá sainaitheanta ag foinsí inchreidte/ próisis aitheanta, amhail meastóireachtaí frithpháirteacha, tuarascálacha measúnaithe mionsonraithe nó tuarascálacha leantacha foilsithe, nach bhfuil córais éifeachtacha AML/CFT acu;

(c) tríú tíortha atá sainaitheanta ag foinsí inchreidte/ próisis aitheanta go bhfuil leibhéil shuntasacha éillithe nó gníomhaíochta coiriúla eile acu;

(d) tríú tíortha faoi réir smachtbhannaí, trádbhac nó bearta dá samhail arna n-eisiúint, mar shampla, ag an Aontas nó na Náisiúin Aontaithe;

tríú tíortha a chuireann cistiú nó tacaíocht do ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta ar fáil nó ag a bhfuil eagraíochtaí sceimhlitheoireachta ag feidhmiú taobh istigh dá dtír.

(e)

IARSCRÍBHINN IV

Tábla comhghaoil

Treoir (AE) 2015/849	Treoir (AE) XXXX/XX [*cuir isteach tagairt don togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid*]	An Rialachán seo
Airteagal 1(1)	-	-
Airteagal 1(2)	-	-
Airteagal 1(3)		Airteagal 2, pointe (1)
Airteagal 1(4)		Airteagal 2, pointe (1)
Airteagal 1(5)		Airteagal 2, pointe (2)
Airteagal 1(6)		Airteagal 2, pointí (1) agus (2)
Airteagal 2(1)		Airteagal 3
Airteagal 2(2)		Airteagal 4
Airteagal 2(3)		Airteagal 5(1)
Airteagal 2(4)		Airteagal 5(2)
Airteagal 2(5)		Airteagal 5(3)
Airteagal 2(6)		Airteagal 5(4)
Airteagal 2(7)		Airteagal 5(5)
Airteagal 2(8)		Airteagal 6
Airteagal 2(9)		Airteagal 4(3) agus Airteagal 5(6)
Airteagal 3, pointe (1)		Airteagal 2, pointe (5)
Airteagal 3, pointe (2)		Airteagal 2, pointe (6)
Airteagal 3, pointe (3)		Airteagal 2, pointe (4)
Airteagal 3, pointe (4)		Airteagal 2, pointe (3)
Airteagal 3, pointe (5)		Airteagal 2, pointe (35)

Airteagal 3, pointe (6)		Airteagal 2, pointe (22)
Airteagal 3, pointe (6) (a)		Airteagal 42(1)
Airteagal 3, pointe (6) (b)		Airteagal 43
Airteagal 3, pointe (6) (c)		Airteagal 42(2)
Airteagal 3, pointe (7)		Airteagal 2, pointe (7)
Airteagal 3, pointe (8)		Airteagal 2, pointe (19)
Airteagal 3, pointe (9)		Airteagal 2, pointe (25)
Airteagal 3, pointe (10)		Airteagal 2, pointe (26)
Airteagal 3, pointe (11)		Airteagal 2, pointe (27)
Airteagal 3, pointe (12)		Airteagal 2, pointe (28)
Airteagal 3, pointe (13)		Airteagal 2, pointe (16)
Airteagal 3, pointe (14)		Airteagal 2, pointe (8)
Airteagal 3, pointe (15)		Airteagal 2, pointe (29)
Airteagal 3, pointe (16)		Airteagal 2, pointe (15)
Airteagal 3, pointe (17)		Airteagal 2, pointe (20)
Airteagal 3, pointe (18)		Airteagal 2, pointe (13)
Airteagal 3, pointe (19)	-	-
Airteagal 4	Airteagal 3	
Airteagal 5	-	-
Airteagal 6	Airteagal 7	
Airteagal 7	Airteagal 8	
Airteagal 8(1)		Airteagal 8(1)
Airteagal 8(2)		Airteagal 8(2) agus (3)
Airteagal 8(3)		Airteagal 7(1)
Airteagal 8(4)		Airteagal 7(2)
Airteagal 8(5)		Airteagal 7(2) agus (3)

Airteagal 9		Airteagal 23
Airteagal 10		Airteagal 58
Airteagal 11		Airteagal 15
Airteagal 12	-	-
Airteagal 13(1)		Airteagal 16(1)
Airteagal 13(2)		Airteagal 16(2)
Airteagal 13(3)		Airteagal 16(2)
Airteagal 13(4)		Airteagal 16(4)
Airteagal 13(5)		Airteagal 37
Airteagal 13(6)		Airteagal 18(3)
Airteagal 14(1)		Airteagal 19(1)
Airteagal 14(2)		Airteagal 19(2)
Airteagal 14(3)		Airteagal 19(3)
Airteagal 14(4)		Airteagal 17
Airteagal 14(5)		Airteagal 21(2) agus (3)
Airteagal 15		Airteagal 27
Airteagal 16		Airteagal 27(1)
Airteagal 17	-	-
Airteagal 18(1)		Airteagal 28(1)
Airteagal 18(2)		Airteagal 28(2)
Airteagal 18(3)	-	Airteagal 28(3)
Airteagal 18(4)	-	-
Airteagal 18a(1)		Airteagal 28(4)
Airteagal 18a(2)	-	Airteagal 23(5) agus Airteagal 29, pointe (a)
Airteagal 18a(3)		Airteagal 23(5) agus Airteagal 29, pointe (b)

Airteagal 18a(4)	-	-
Airteagal 18a(5)	-	-
Airteagal 19		Airteagal 30
Airteagal 20		Airteagal 32
Airteagal 20a		Airteagal 33
Airteagal 21		Airteagal 34
Airteagal 22		Airteagal 35
Airteagal 23		Airteagal 36
Airteagal 24		Airteagal 31
Airteagal 25		Airteagal 38(1)
Airteagal 26		Airteagal 38
Airteagal 27		Airteagal 39
Airteagal 28		Airteagal 38(3)
Airteagal 29	-	-
Airteagal 30(1)		Airteagal 45(1) agus (3) agus Airteagal 49
Airteagal 30(2)		Airteagal 45(4)
Airteagal 30(3)	Airteagal 10(1)	
Airteagal 30(4)	Airteagal 10(5)	
Airteagal 30(5)	Airteagal 11 agus Airteagal 12(1)	
Airteagal 30(5)a	Airteagal 12(2)	
Airteagal 30(6)	Airteagal 11(1), (2) agus (3)	
Airteagal 30(7)	Airteagal 45(2)	
Airteagal 30(8)		Airteagal 18(4)
Airteagal 30(9)	Airteagal 13	
Airteagal 30(10)	Airteagal 10(11) agus (12)	

Airteagal 31(1)		Airteagail 43(1) agus 46(1) agus Airteagal 49
Airteagal 31(2)		Airteagal 46(2)
Airteagal 31(3)		Airteagal 46(3)
Airteagal 31(3a)	Airteagal 10(1)	Airteagal 48
Airteagal 31(4)	Airteagal 11 agus Airteagal 12(1)	
Airteagal 31(4a)	Airteagal 12(2)	
Airteagal 31(5)	Airteagal 10(5)	
Airteagal 31(6)		Airteagal 18(4)
Airteagal 31(7)	Airteagal 45(2)	
Airteagal 31(7a)	Airteagal 13	
Airteagal 31(9)	Airteagal 10(11) agus (12)	
Airteagal 31(10)		Airteagal 43(2)
Airteagal 31a	Airteagal 15(1)	
Airteagal 32(1)	Airteagal 17(1)	
Airteagal 32(2)	Airteagal 46(1)	
Airteagal 32(3)	Airteagal 17(2), (4) agus (5)	
Airteagal 32(4)	Airteagail 18(1) agus 19(1)	
Airteagal 32(5)	Airteagal 19(1)	
Airteagal 32(6)	Airteagal 19(2)	
Airteagal 32(7)	Airteagal 20(1)	
Airteagal 32(8)	Airteagal 17(3)	
Airteagal 32(9)	Airteagal 18(4)	
Airteagal 32a(1)	Airteagal 14(1)	
Airteagal 32a(2)	Airteagal 14(2)	
Airteagal 32a(3)	Airteagal 14(3)	

Airteagal 32a(4)	Airteagal 14(4)	
Airteagal 32b	Airteagal 16	
Airteagal 33(1)		Airteagal 50(1)
Airteagal 33(2)		Airteagal 50(6)
Airteagal 34(1)		Airteagal 51(1)
Airteagal 34(2)		Airteagal 51(2)
Airteagal 34(3)	-	-
Airteagal 35		Airteagal 52
Airteagal 36	Airteagal 32	
Airteagal 37		Airteagal 53
Airteagal 38	Airteagal 43(3)	Airteagal 11(3)
Airteagal 39		Airteagal 54
Airteagal 40		Airteagal 56
Airteagal 41		Airteagal 55
Airteagal 42		Airteagal 57
Airteagal 43	-	-
Airteagal 44(1)	Airteagal 9(1)	
Airteagal 44(2)	Airteagal 9(2)	
Airteagal 44(3)	Airteagal 9(3)	
Airteagal 44(4)	Airteagal 9(6)	
Airteagal 45(1)		Airteagal 13(1)
Airteagal 45(2)	-	-
Airteagal 45(3)		Airteagal 14(1)
Airteagal 45(4)	Airteagal 35	
Airteagal 45(5)		Airteagal 14(2)
Airteagal 45(6)		Airteagal 14(3)

Airteagal 45(7)		Airteagal 14(4)
Airteagal 45(8)		Airteagal 13(2)
Airteagal 45(9)	Airteagal 5(1)	
Airteagal 45(10)	Airteagal 5(2)	
Airteagal 45(11)	Airteagal 5(3)	
Airteagal 46(1)		Airteagal 10
Airteagal 46(2)	-	-
Airteagal 46(3)	Airteagal 21	
Airteagal 46(4)		Airteagal 9
Airteagal 47(1)	Airteagal 4	
Airteagal 47(2)	Airteagal 6(1)	
Airteagal 47(3)	Airteagal 6(2)	
Airteagal 48(1)	Airteagal 29(1)	
Airteagal 48(1a)	Airteagal 29(5) agus Airteagal 46	
Airteagal 48(2)	Airteagal 29(2) agus (5)	
Airteagal 48(3)	Airteagal 29(6)	
Airteagal 48(4)	Airteagail 33 agus 34	
Airteagal 48(5)	Airteagail 33(4) agus 34(2)	
Airteagal 48(6)	Airteagal 31(1)	
Airteagal 48(7)	Airteagal 31(2)	
Airteagal 48(8)	Airteagal 31(5)	
Airteagal 48(9)	Airteagal 29(3)	
Airteagal 48(10)	Airteagal 31(4)	
Airteagal 49	Airteagal 45(1)	
Airteagal 50	Airteagal 47	
Airteagal 50a	Airteagal 45(3)	

Airteagal 51	-	-
Airteagal 52	Airteagal 22	
Airteagal 53	Airteagal 24	
Airteagal 54	Airteagal 26	
Airteagal 55	Airteagal 27	
Airteagal 56	Airteagal 23(2) agus (3)	
Airteagal 57	Airteagal 28	
Airteagal 57a(1)	Airteagal 50(1)	
Airteagal 57a(2)	Airteagal 50(2)	
Airteagal 57a(3)	Airteagal 50(3)	
Airteagal 57a(4)	Airteagail 33(1) agus 34(1) agus (3)	
Airteagal 57a(5)	Airteagal 37	
Airteagal 57b	Airteagal 51	
Airteagal 58(1)	Airteagal 39(1)	
Airteagal 58(2)	Airteagal 39(2)	
Airteagal 58(3)	Airteagal 39(3)	
Airteagal 58(4)	-	-
Airteagal 58(5)	Airteagal 39(4)	
Airteagal 59(1)	Airteagal 40(1)	
Airteagal 59(2)	Airteagail 40(2) agus 41(1)	
Airteagal 59(3)	Airteagal 40(3)	
Airteagal 59(4)	Airteagal 40(4)	
Airteagal 60(1)	Airteagal 42(1)	
Airteagal 60(2)	Airteagal 42(2)	
Airteagal 60(3)	Airteagal 42(3)	
Airteagal 60(4)	Airteagal 39(5)	

Airteagal 60(5)	Airteagal 42(4)	
Airteagal 60(6)	Airteagal 42(5)	
Airteagal 61	Airteagal 43	
Airteagal 62(1)	Airteagal 44(1)	
Airteagal 62(2)	Airteagal 6(6)	
Airteagal 62(3)	Airteagal 44(2)	
Airteagal 63	-	-
Airteagal 64		Airteagal 60
Airteagal 64a	Airteagal 54	Airteagal 61
Airteagal 65	-	-
Airteagal 66	-	-
Airteagal 67	-	-
Airteagal 68	-	-
Airteagal 69	-	-
Iarscríbhinn I		Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II		Iarscríbhinn II
Iarscríbhinn III		Iarscríbhinn III
Iarscríbhinn IV	-	-